# LÁ NA CRUITE
# HARP DAY 2023

**Imeacht:** **LÁ NA CRUITE | HARP DAY 2023**

Dáta: Dé Sathairn 21ú Deireadh Fómhair /Dé Dómhnaigh 22ú Deireadh Fómhair

---

Beidh LÁ NA CRUITE|HARP DAY 2023 ar siúl Dé Satharn 21ú Deireadh Fómhair, agus beidh imeachtaí i rith na seachtaine agus Dé Domhnaigh chun céiliúradh ollmhór a dhéanamh ar an gcruit agus ar an gruitireacht i gcoitinne. Arís i mbliana, beidh muid ag cur fáilte Uí Cheallaigh roimh chruitirí fud fad an domhain chun páirt a ghlacadh i Lá na Cruite i bpearsa agus ar line agus muid ag déanamh céiliúradh ar thraidisiún na cruite, atá níos mó ná mile bliain d'aois agus atá aitheanta mar chroílár dár gcultúr ag UNESCO.

Tá borradh agus fás tar éis teacht ar Lá na Cruite le seacht mbliana anuas. I mbliana beidh níos mó ná 70 imeacht ar siúl, ar líne agus i bpearsa in Éirinn, sa Bhrasaíl, san tSeapáin, san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus san Ríocht Aontaithe. Dá bhrí rath Lá na Cruite, beidh réimse leathan imeachtaí ar siúl ó cheann ceann na seachtaine; ón Luan, 16ú Deireadh Fómhair, go dtí Dé Domhnaigh, 22ú Deireadh Fómhair. Beidh scoth na cruitireachta le cloisteáil ó chian is ó chóngar saor in aisce sna bailte beaga agus na cathracha móra fud fad na tire agus níos faide amach.

'Sé téama Lá na Cruite 2023 ná *Meanma* - táimid ag ceiliúradh an chaoi a spreagann ceol na cruite cruitirí agus muintir na tire araon; tugann ceol na cruite le chéile muid, tugann sé misneach dúinn, músclaíonn sé mortas cine ionainn. Is siombal dár náisiúnachais í. Thart faoi 231 bliain ar aghaidh ó Fhéile na gCruitirí i mBéal Feirste, tá an traidisiún seo ag dul ó neart go neart, tá líon na gcruitírí ag méadú ar fud an oileáin agus beimid ag comóradh obair agus oidhreacht Edward Bunting, bailitheoir ceoil mór le rá i rith na seachtaine

Ag féile ceoil *An Chruit Bheo* le deanaí, dúirt Aibhlín McCrann, Cathaoirleach Chruit Éireann, "Beidh muid ag céiliúradh cumhacht ár bpobail cruitirí, ní hamháin in Éirinn, ach fud fad an domhain. Taispeánann an réimse leathan imeachtaí atá ar siúl ar Lá na Cruite ilfheidhmeacht na cruite, go

Funded by An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
the arts council an chomhairle ealaíon funding traditional arts
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
ITMA Irish Traditional Music Archive Taisce Cheol Dúchais Éireann
Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme
Reclaim the Enlightenment Liberty Tree

háirithe i measc an chéad ghlúin eile. Tá muid ag dúil go mór fáilte a chur roimh chruitirí, tógálaí cruite, múinteoirí agus duine ar bith a bhfuil suim acu i gceol na cruite ar an 21ú Deireadh Fómhair, agus ár dtraidisiún beo á cheiliúradh leo."

Beidh ceolchoirmeacha, ceardlanna, leachtaí agus i bhfad níos mó ina bheas cruitirí ag comhoibriú le healaíontóirí eile, agus ag léiriú scoth na gcruitireachta. Dé Domhnaigh, 22ú Deireadh Fómhair ag 6.30in, beidh ceolchoirm speisialta ar siúl againn in Eaglais Naomh Stiofáin le ceol ón 17ú agus 18ú haois ag Siobhán Armstrong, ceol clasaiceach ag Maria McNamee, agus file Aosdána Moya Cannon le tionlacan cruitireachta ag Aisling Lyons agus iad ag céiliúradh saothar Edward Bunting. Ina theannta sin tá luchair orainn go mbeidh ceol draíochtúil ag Triona Marshall agus Martin Tourish agus píosa nua coimisiúnaithe ó Ghráinne Meyer do ghrúpa cruitire nua trasteorainn agus trasphobail, Harps Alive Ensemble.

## Buaicphointí LÁ NA CRUITE|HARP DAY 2023:

---

### Cruitirí ar Chnoic | Harpers on Hills

Dé Sathairn 21ú Deireadh Fómhair – 9am – Ar line ag www.harpireland.ie agus ar na meáin shóisalta

Beidh muid ag lainseáil Lá na Cruite| Harp Day 2023 le físeán speisialta a dhéanann céiliúradh ar oidhreacht na cruite trasteorainn ag Grianán an Aileach i nDún na nGall, ina raibh níos mó ná 50 cruitire – an tionól is mó cruitireachta riamh i nDún nan Gall – ag seinm píosa ceoil cóirithe ag Joleen McLaughlin.

### Harpers' Call

Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair – Lá ar fad – Ar line ag www.harpireland.ie agus ar na meáin shóisialta

Cuireann Cruit Éireann fáilte roimh chruitirí fud fad na cruinne agus iad ag seinm an píosa ceoil cruitireacta is ansa leo. Beidh seo ar fail ar line agus ar ár léarscáil idirnáisiúnta le níos mó ná 150 físeán ó chruitirí fud fad an domhain agus in Éirinn. I mbliana, don chéad uair riamh, beidh muid ag comhoibriú le hambasáid na hÉireann sa Bhrasáil chun seóthaispeántas a dhéanamh ar athbheochan na cruite ansin.

Harp Ireland Cruit Éireann · Reclaim the Enlightenment Liberty Tree · Funded by An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council · the arts council an chomhairle ealaíon funding traditional arts · An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media · ITMA Irish Traditional Music Archive Taisce Cheol Dúchais Éireann · Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge · Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme

## Céiliúradh Cruitireachta

Cruit Éireann | Harp Ireland *Ceolchoirm An Chruit Bheo*

**Dé Domhnaigh 22ú Deireadh Fómhair – 6.30in, Eaglais Naomh Stiofáin (Pepper Canister), BÁC 2**

Mar chud dár bhféile ceoil trasteorainn *An Chruit Bheo,* beidh ceolchoirm speisialta a dhéanann céiliúradh ar shaothar Edward Bunting, agus traidisiún na cruite sa lá atá inniu ann le Siobhán Armstrong, File Aosdána Moya Cannon le cruitire Aisling Lyons, Maria McNamee, Tríona Marshall agus Martin Tourish, agus an Harps Alive Ensemble le píos nua coimisiúnaithe ag Gráinne Meyer agus CÉHI.

## Harpers in the Honan

CÉHI agus Coláiste na hOllscoile Corcaigh - Ceolchoirm

**Dé Máirt 17ú Deireadh Fómhair – 7.30in – Eaglais Honan, UCC**

Le Laoise Kelly, Alannah Thornburgh agus cruitirí ón ollscoil féin.

## Lá na Cruite | Harp Day glór

**Dé hAoine, 20ú Deireadh Fómhair – 8in, glór Inis, Co. an Chláir**

Le scoth na gceoltóirí in Éirinn faoi láthair – Michael Rooney agus June McCormack, agus Dordán; Mary Bergin, cruitire Kathleen Loughnane agus Dearbhla Standún.

## Harps in Harmony

CÉHI agus Music Generation Co. an Lú

**Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair – 7in – Eaglais Naomh Nioclás, Dún Dealgan**

Ceolchoirm na hoíche le Nós Nua, Grúpa Cruitirí Music Generation Co. an Lú agus Alfi, le tacaíocht ó Chomhairle Chontae an Lú.

## Harping Fun with Aisling Ennis

**Dé Sathairn, 21 Deireadh Fómhair - 1.00pm – Teach Russborough, Blessington, Co. Chill Mhantáin**

Bígí le hAisling Ennis agus í ar aistear draíochtúil. Éist le ceol na cruite in éineacht le scéalta móra na hÉireann – smaoinigh ar na síoga, Taoisigh agus finscéalta fadó fadó. Siúlóid spraoi do theaghlaigh.

Tar ar ais chuig Teach Russborough agus éist le ceol ó Rachel Duffy, Claire O'Donnell agus grúpaí cruitirí s'acu!

## Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair, 1in, glór, Inis, Co. an Chláir

Ceolchoirm am loin le cruitireacht cruthaitheach ó Aisling Lyons agus Kseniya Rusnak ón Úcráin.

Funded by An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
the arts council an chomhairle ealaíon funding traditional arts
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
ITMA Irish Traditional Music Archive Taisce Cheol Dúchais Éireann
Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme

**Lá na Cruite | Harp Day ag an Royal Irish Academy of Music**
**Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair – 10rn – 3.30in, RIAM, BÁC**
Ceardlanna cruitireachta le hAisling Lyons, Richard Allen agus Cumann Cláirsí Stairiúla na hÉireann.

**Léacht - Edward Bunting: Illuminating his Legacy**
**Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair - 2.00in – Leabharlan Náisiúnta na hÉireann BÁC 2**
Bígí leis an staraí Mark Doherty, agus éist le scéal Bunting idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath agus é ag sábháil ceol na cruite in Éirinn san 18ú agus 19ú haois deag.

Tá ticéid don Cheolchoirm Harps Alive ar fáil ag **Eventbrite Harp Day 2023**

/ENDS

## Note to Editors

*Cruit Éireann, Harp Ireland an scátheagraíocht náisiúnta acmhainní don chruit, a cuid eagraíochtaí, a seinnteoirí cruite agus lucht déanta cruite in Éirinn. Bhunaigh cruitirí é in 2016 i gcomhar leis na Arts Council, An Chomhairle Ealaíon tacú le forbairt leanúnach na cruite in Éirinn, aitheantas a fháil dá stádas uathúil agus a hinbhuanaitheacht a chinntiú.*
*Tugann an An Chomhairle Ealaíon tacaíocht fhlaithiúil do Lá na Cruite| Harp Day*

Le haghaidh tuilleadh imeachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, tabhair cuairt le do thoil /www.harpireland.ie/harp-day-2023/
Le haghaidh tuilleadh eolais/íomhánna, déan teagmháil le do thoil

**Lauren Ní Neill** CEO Harp Ireland
P: (0044) 7752 372624
E: lauren.oneill@harpireland.ie

***Tá ealaíontóirí agus eagraithe ar fáil le haghaidh agallaimh***

Funded by
An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
the arts council an chomhairle ealaíon funding traditional arts
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
ITMA Irish Traditional Music Archive Taisce Cheol Dúchais Éireann
Comhaltas Uladh
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme

**Scannán Gaeilge - Beart Bunting,**

Dé Sathain, 21ú Deireadh Fómhair – 3in – Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, BÁC 2

Tagann 6 de na ceoltóirí is fear in Éirinn in éineacht le Strabane Brass Band chun níos mó taighde a dhéanamh ar lamhscríbhinní Bunting, agus tábhacht an obair a rinne sé ó thuaidh agus ó theas. Is Deaglán Ó Mocháin a bhí i mbun stiúrtha ar an scannán seo.

**'Tóg an cruit chuig scoil leat'**

Dé Luain – Dé Aoine 16ú-20ú Deireadh Fómhair – fud fad na tíre

Tionscnaíocht ar bhonn náisiúnta a spreagann daoine óga an chruit a thógáil leo ar scoil, agus deis a thabhairt dóibh ceol cruite a sheinm ann agus níos mó a fhoghlaim faoin chruit! Beidh acmhainní do mhúinteoirí le tráth na gceist agus crosfhocal ar fail ag www.harpireland.ie

**Cruitirí agus Filí**

Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair – 2in – Leabharlann Corcaigh

Bígí le cruitirí agus filí agus iad ag céiliúradh seantraidisiún na cruite leis an bhfile, an reacaire agus an cruitire ag obair le chéile. Le Damhnait Sweeney agus an grúpa ceoil Glissando, agus filí Mary Noonan agus Dean Browne chomh maith le Eimear McDonagh, Ruth Mc Donnell & The Glissando Trio ag 2pm. Saor in aisce.

**Ceolchoirmeacha Cruitireachta**

Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómair – Fud fad na tire

Beidh cruitirí agus grúpa ag seinm in áiteanna éagsula fud fad na tire – coinnígí súil amach!

**Harpy Hour**

Dé Sathairn, 21ú Deireadh Fómhair, Gaillimh

Buail isteach chuig Tigh Choilí, Áras na nGael agus áiteanna eile i nGaillimh chun ceol na cruite a chloisteáil!

**In ómós d'Edward Bunting**

Dé Domhnaigh 22ú Deireadh Fómhair – Reilg Mount Jerome

Tar chuig uaigh Edward Bunting i Mount Jerome, áit ina bheas aithriseoireacht le file Aosdána Moya Cannon agus cruitire Aisling Lyons.

---

**Ticéid don gceolchoirm Céiliúradh Cruitireachta ar fail ag Eventbrite Harp Day 2023**

/Críoch

Funded by An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
the arts council / an chomhairle ealaíon funding traditional arts
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
ITMA Irish Traditional Music Archive Taisce Cheol Dúchais Éireann
Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge
Clár Éire Ildánach Creative Ireland Programme

Nóta

*Is é Cruit Éireann, Harp Ireland scátheagraíocht a thugann tacaíocht do chruitirí agus do thógálaí cruite in Éirinn. Bunaíodh CÉHI sa bhliain 2016 le cruitirí ag comhoibriú leis An Chomhairle Ealaíon chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt an traidisiúin in Éirinn, aitheantas a fháil dó agus é a chomhnú.*

*Tacaíonn An Chomhairle Ealaíon le Lá na Cruite | Harp Day.*

Níos mó eolais ar fail ag /www.harpireland.ie/harp-day-2023/

Nó, thig lat teagmháil a dhéanamh le

**Lauren Ní Neill**, Príomhfheidhmeannach, CÉHI

F: (0044) 7752 372624 R: lauren.oneill@harpireland.ie

*Cruitirí ar fail d'agallamh.*

Harp Ireland / Cruit Éireann
Reclaim the Enlightenment – Liberty Tree
Funded by An Chomhairle Oidhreachta The Heritage Council
The Arts Council / An Chomhairle Ealaíon – funding traditional arts
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
ITMA – Irish Traditional Music Archive / Taisce Cheol Dúchais Éireann
Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge
Clár Éire Ildánach / Creative Ireland Programme